

# Gaelscoil Mhuscraí

*Shean Íochtarach, An Bhlárna, Co. Chorcaí*

## **Polasaí um Chaomhnú Páistí**

### **Ráiteas Tosaigh**

Ba mhaith le Gaelscoil Mhuscraí a chinntiú go mbeidh gach dalta slán sabháilte. Tar éis freastal laethanta eolais i 2002 agus 2009 ar chaomhnú páistí cinneadh ar Pholasaí ar Chaomhnú Páistí a dhréachtadh i Gaelscoil Mhuscraí. Tugann an polasaí aird dos na hachtanna seo leanas:

An tAcht Oideachais 1998

An tAcht do Leas an Pháiste 2000

Tá sé bunaithe ar na leabhair seo:

Children First (Roinn Sláinte agus Leanaí 1999)

Treoirilinte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí (Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2001)

Dréachtadh an pholasaí i gcomhairle le hionadaithe ó na dTuistí, foireann na scoile agus Bord Bainistíochta na Scoile.

### **Réasúnaíocht**

Ghlac Bord Bainistíochta/Bainisteoir Ghaelscoil Mhuscraí leis na Treoirilinte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Sa pholasaí seo leagtar síos mar a chuirfear na treoirilinte seo i bhfeidhm ar mhaithe le chaomhnú agus leas gach dalta a fhreastlaíonn ar an scoil seo.

### **Gaolmhaireacht le hÉiteas Sáiniúil na scoile**

Sa scoil seo cuirtear an-bhéim ar mheon agus atmaisféar dearfa a chruthú ina luacháiltear an duine aonair. Tuigtear dúinn an tabhacht a bhaineann le cumarsáid laistigh den scoil a mhéadú. Is “Scoil Eisteachta” í Gaelscoil Mhuscraí ina éisteacht le cúiseanna inní na ndaltaí uile. Is mian linn timpeallacht slán sabháilte a chur ar fáil dos na daltaí. Ar aon dul leis an éiteas seo tá an polasaí á dhréachtadh chun cosaint agus leas na ndaltaí a chinntiú.

### **Aidhmeanna**

1. Sabháilteacht, cosaint agus leas na ndaltaí uile a chur chun cinn.
2. Feasacht ar mhí-úsáid leanaí a ardú i measc na foirne agus na bpáirtithe oideachais uile inár scoil (lena n-áirítear múinteoirí, an runaí srl..) tré comharthaí mhí-úsáid mhothúchánach, fhisiciúil, ghnéis agus faillí a aithint
3. Nósanna imeachta soiléire a chur in iúl do phearsanra uile na scoile maidir le conas déileáil le hamhras agus líomhaintí faoi mhí-úsáid leanaí.
4. Réimsí beartais eile ar gá iad a leasú i bhfianaise na dTreoirilinte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí a aithint.
5. Ábhar curaclaim agus acmhainní a aithint a chabhraíonn le cosc a chur le mí-úsáid leanaí agus le cur ar chumas leanaí déileáil le mí-úsáid ar an mbealach ceart má tharlaíonn sé.

## **Sainmhíniú ar Mhí-Úsáid Leanáí**

Ta ceithre cineál mí-úsáide ann :

- Fhaillí
- Mí-úsáid mhothúchánach
- Mí-úsáid fhisiciúil
- Mhí-úsáid ghnéasach

D'fheadfadh níos mó ná cineál amháin de mhí-úsáid a bheith ann ag aon am ar leith. Tá sain mhínithe ar gach cineál mí-úsáide ar fáil i Children First lgh. 31-33.

### **Treoirínite faoi conas mí-úsáid leanáí a aithint**

Tá liosta de tháscairí mhí-úsáide ar fáil i Children First Aguisín 1, lgh 125-131. Muna bhfuil ach táscaire amháin ann ní gá gur mí-úsáid atá i gceist; d'féadfaidh fá eile seachas mí-úsáid (m.sh bochtanas 7rl).a bheith ann Ní mór na comharthaí a scrúdú i gcomhthéacs saol an linbh agus cursaí teaghlaigh.

Ag aithint mí-úsáide tá trí chéim ann: Seo iad

- i. An fhéidearthacht a ardú
- ii. Faire amach dos na comharthaí mí-úsáide
- iii. Taifeadadh an teolas a bailítear

Ta na céimeanna seo forbartha i Children First lgh.34 - 35

### **Treoirínite ar Bhainistocht agus Eagrúcháin Caomhnú an linbh i nGaelscoil Mhuscraí**

Tá sé mar pholasaí ag Gaelscoil Mhuscraí, má bhíonn amhras nó liomhaint míúsáide nó nochtadh míúsáide ó pháiste, na nósanna imeachta a leanúint mar atá i Children First agus i Treoirínite agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí (Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2001

## **RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ :**

### **Ról an Bhoird Bhainistíochta**

Tá an phríomhfhreagracht as cúram agus leas na ndaltaí ar an mBord Bainistíochta/Bainisteoir. Tá freagrachtaí an bhoird leagtha síos i Children First lgh.50-51 agus Treoirínite agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí. lgh. 15-17.

‘Siad san:

- A. DIA agus leas-DIA a cheapadh agus rolanna a shoiléiriú
- B. Deileáil le líomhaintí nó le hamhrais faoi mhí-úsáid páistí
- C. Pleanáil, forbairt agus cur i bhfeidhm cláir caomhnú páistí éifeachtach agus na himpleachtaí eagraíochta agus churaclaim a bhaineann leis seo
- D. Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an gclár sin.
- E. Forbairt agus oiliúint foirne chuí a chur ar fáil

### A. *DIA agus leas-DIA a cheapadh agus an rol a shoiléiriú*

Chuirge sin cheap an foireann agus an Bhainisteoir an príomhoide feidhmeannach Cáit Ní Shiúrtain mar Dhuine Caidrimh Ainmnithe (*DIA*) a bheidh freagracht shainiúil as Caomhnú Páistí aici i nGaelscoil Mhuscraí. Ceapadh Clár Ní Chathasaigh mar Leas-DIA chun áit an DIA a thógáil mura bhfuil sí ar fáil ar chúis éigin. Ceapfar DIA ag an gcéad chruinniú de gach Bord Bainistíochta nua. Beidh an DIA i bhfeidhm mar DIA go dtí go gcuireann an Bord Bainistíochta duine éigin i gcomharbacht uirthi ar chúis ar bith.

Don scoilbhliain 2015/2016 beidh Mairéad Uí Charthaigh ag feidhmiú mar DIA in áit Cáit Ní Shiúrtain. Fanfaidh Clár Ní Chathasaigh mar an leas DIA.

### B. *Deileáil le líomhaintí nó amhras faoi mhí-úsáid páistí*

#### (a) **Ról an DIA** (Féach Treoirlínte & Chur Chuige um Chaomhnú Páistí 2.2.3 /3.2/3.4/ 4.2.)

- Beidh an DIA mar dhuine idirchaidrimh le heagrais seachtracha msh Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, leis an nGarda Síochána agus le páirtithe eile le freagrachtaí maidir le caomhnú páistí. Déanfar gach ní a bhaineann le fiosrú ar mhí-úsáid leanaí a phróiseáil tríd an DIA.
- Cuirfidh an DIA na pearsanra scoile uile ar an eolas maidir leis an chur chuige um chaomhnú páistí sa scoil agus freastlóidh ar oiliúnt breise más gá
- Cinnteoidh an DIA go bhfuil cóip den pholasaí seo ag gach gach duine den bhfoireann
- Má tá inní, amhras, faisnéis, nó líomhaint mí-úsáide gheobhaidh an DIA comhairle (**gan an páiste a ainmniú ag an bpointe seo**) ón Oibrí Sóisialta ainmnithe (atá ar dualgas). Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí alt 3.2 , lgh. 11 – 12.
- Bunaithe ar an gcomhairle d'fhéadfaí
  - *Gan tuairisciú* (ach cuntas a choimead den comhairle –gan an páiste a ainmniú) Muna bhfuiltear sásta leis an gcomhairle is feidir tuairisciu fós ( Feach Treoirlínte & Chur Chuige um Chaomhnú Páistí 3.2.3)
  - *tuairisciú* ar an nguthán/agus i scríbhinn (foirm caighdeanach ar fail ó Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, (feach Treoirlínte & Chur Chuige um Chaomhnú Páistí 2.3.2: 3.2
  - ní mór tuairisciú don Gharda Síochána i gcás éigeandála, nó mura bhfuil foireann an Bhoird Sláinte ar fail
  - Má tá tuairisciu i gceist ba choir é seo a chur in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta agus cinneadh a dhéanamh faoi seo a chur in iúl freisin do thuismitheoirí/caomhnóirí an pháiste. De ghnáth cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas go bhfuil tuairisc á déanamh muna gcuirtear an páiste i mbaol.
- Pé scéal é coimeadfaidh sí cuntas de pé chomhairle a fhaightear in áit slán & gan an páiste a ainmniú. (2.5)
- Rachaidh an DIA í gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird maidir le tinreamh múinteoirí ar chomhdhálacha um chaomhnú páistí (Féach Treoirlínte & Chur Chuige um Chaomhnú Páistí 3.4)
- Beidh an DIA ar an eolas faoi aon fhorbairtí reatha maidir le caomhnú páistí
- In cases of emergency, where a child appears to be at immediate and serious risk, and a duty social worker is unavailable, Garda Síochána should be contacted. Under no circumstances should a child be left in a dangerous situation pending Health Board intervention.

**(b) Deileáil le líomhaint i leith fostaí scoile.**

- Más líomhaint i leith fostaí scoile atá i gceist tá ról ag an DIA & an Bord Bainistíochta? Bainisteoir ann mar tá dhá mhodh le leanúint (Féach Treoirlínte & Chur Chuige um Chaomhnú Páistí Caibidil 4
  - *saincheist na fostaíochta* -tá an Bord Bainistíochta freagrach as plé leis sin agus moltar comhairle dlíodóra a lorg
  - *tuairisciú don HSE* -déanfaidh an DIA seo (muna bhfuil sí féin i gceist)
- I gcas gurb í an DIA an fostaí scoile atá i gceist- tá cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta freagrach as an tuairisciú chomh maith le saincheist na fostaíochta

**(c) Líomhaintí faoi mhí-úsáid agus bulaíocht ag chomh-pairtíthe**

- Má dhéantar líomhaintí nó má tá amhras ann faoi mhí-úsáid déanta ag chomh-pháirtí/Piaráí , bainfidh an DIA úsáid as na nósanna imeachta mar atá luaite sna Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí 3.2.

**Freagracht pearsanra uile na scoile**

(a) Ta freagracht ar phearsanra uile na scoile maidir le

- Comharthaí mí-úsáide feideartha a aithint mar atá sna
  - Threoirlínte **Children First** (1999) go mór mhór na codanna seo leanas::
    - Caibidil 3 Sainmhíniú & Aithint Mhí-úsáid Páistí
    - Aguisín 1 Comharthaí agus Rianta Mí-úsáid Páistí
- Conas deileáil le heolas a nochtann páistí & cuntas a choimead mar atá i
  - Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí 2.4
- Tuairisciú ábhar inní don DIA agus na taifid uile a thabhairt di mar atá i
  - Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú 3.1.1 agus
  - Children First Caibidil 4 Cúis le Tuairisc a Thabhairt & Nósanna Imeachta Tuairiscithe Caighdeánacha
- Freasatal ar Chomhdhála um Chaomhnú páistí, iad féin a chur ar an eolas faoin bprótacal (Children First Lgh 149-150) agus tuairisc a chur le chéile don chomhdháil mas gá (Féach Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Aguisín 3)
- Mí-úsáid piaraí a aithint agus gníomhú dá bharr mar atá i
  - Children First 11.3.2-11.3.5
  - Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Caibidil 5

**(b) Impleachtaí Eagraíochta**

Déanfar nósanna imeachta scoile atá i bhfeidhm cheana féin agus nósanna imeachta nua atá á gcur i bhfeidhm a scrúdú i bhfianaise na dTreoirlínte Children First. Tabharfar aghaidh ar gach saincheist a bhaineann le caomhnú an pháiste a thagann suas mar seo a leanas:

**Féitheoireacht:** Cloífidh an fhoireann uile le polasaí féitheoireachta na scoile chun a chinntiú go ndéantar féitheoireacht chuimsitheach ar leanaí ag na sosanna uile agus tar éis na scoile.

**Iompar:** Moltar do leanaí i gcónaí súgradh le chéile ar bhealach comhoibritheach agus tabharfar aghaidh ar dhroch-iompar de réir ár gCóid Iompair. Má tharlaíonn eachtra ar dóigh linn go mbaineann nádúr gnéasach leis, cuirfimid an DIA ar an eolas agus déanfaidh sí cuntas ar an eachtra agus freagracht a ghlacadh ar an mbealach cuí atá leagtha amach ins na Treoirlínte don DIA.

**Infheictheacht :** Déanfaidh múinteoirí cinnte go bhfuil leanaí infheicthe sa chlós scoile. Ní bheidh cead ag leanaí am a chaitheamh i seomraí ranga nó i leithris nó in áiteanna nach mbeadh daoine fásta ag déanamh féitheoireachta orthu. Níl cead acu clós na scoile a fhágáil nó déileáil le daoine fásta atá lasmuigh den chlós scoile.

**Cuairteoirí :** Beidh na múinteoirí ar dualgas sa chlós ar an eolas faoi chuairteoirí ag teacht isteach sa chlós scoile agus gheobhaidh siad amach cúis na gcuairteanna sin. Déanfar féitheoireacht ar na daoine sin agus iad i mbun a gcuid gnó.

**Bulaíocht :** Tabharfar aghaidh ar iompar bulaíochta faoinár mbeartas Frithbhulaíochta. Má tharlaíonn sé go mbíonn iompar gnéasach i gceist nó má cheaptar go mbíonn an mhí-úsáid fíordhona, ansin cuirfear an t-ábhar ar aghaidh chuig an DIA.

**Timpistí :** Cé go ndéanfar gach réamhchúram faoinár Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta chun a chinntiú go mbíonn leanaí slán, tuigimid go dtarlóidh timpistí. Déanfar cuntas a choimeád ar thimpistí inár leabhar eachtraí agus leanfar cleachtas cuí na scoile faoi mar atá inár bpolasaí timpistí mar chuid de Shláinte agus Sábháilteacht.

**Leanaí ag taisteal i ngluaisteáin na foirne:** Ní iompoidh aon ball foirne páiste ina (h)aonar ina ngluaisteáin ach i gcás eisceachtúl go mbeadh páiste i mbaol bháis

**Taifead a choimead :** Coimeádfaidh gach múinteoir taifead de dhul chun cinn gach linbh, cruinnithe le tuismitheoirí agus notaí ó tuismitheoirí. Beidh na leabhair rolla suas chun dáta gach lá. Ní roinnfear eolas leochailleach a bhaineann le leanaí ach le daoine is gá a bheith ar an eolas. Coimeádfar cuntais oideachasúla na ndaltaí uile nach bhfreastalaíonn ar an scoil seo níos mó in oifig an phríomhoide ar feadh 5 bliana.

**Ionduchtú Múinteoirí agus Ball Foirne Breise:** Beidh an DIA freagrach as na múinteoirí nua uile agus an fhoireann bhreise a chur ar an eolas faoi na Treoirlínte Children First (1999). Tabharfaidh an DCA (a) fotocóip de Treoirlínte Children First (1999) Chaibidlí 3 & 4 agus Aguisín 1 agus (b) cóip den pholasaí seo don fhoireann nua uile. Tá an DIA agus leas DIA freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí nua agus as a chinntiú go dtuigeann, múinteoirí nua conas an leabhar rolla a líonadh isteach i gceart agus an múinteoir a chur ar an eolas faoi nósanna imeachta coimeád cuntas a sa scoil.

**Ionduchtú Daltaí:** Cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas faoi na cláir sa scoil a bhaineann le forbairt phearsanta, e.g. OCG, Walk Tall, Stay Safe agus OSPS agus tabharfar cóip de Chód Iompair na scoile agus Polasaí Fhrithbhulaíochta na scoile dóibh. Moltar do thuismitheoirí coinne a dhéanamh leis an múinteoir ranga/leis an bpríomhoide má theastaíonn uathu dul chun cinn a linbh a phlé.

**Cumarsáid:** Déanfar gach iarracht feabhas a chur ar chumarsáid dalta-múinteora. Má bhíonn ar mhúinteoirí cumarsáid a dhéanamh le daltaí duine ar dhuine, iarrtar orthu doras an tseomra ranga a fhágáil ar oscailt.

**Rúndacht: (1.2)** Ní féidir leis an scoil geallúint rundachta a thabhairt má nochtann dalta eolas pearsanta. Ni bheidh an scoil freagrach ach oiread má bhíonn daltaí ag plé cursaí atá rúnda i dtimpeallacht na scoile

Roinnfear gach faisnéis maidir le himni faoi mhi-úsáid a bheith á himirt ar pháistí leo siúd amhain a bhfuil dualgas orthu an t-eolas a fhail, ar mhaithe leis an bpáiste. Má bhíonn an DIA ag cur tuairisce chuig an HSE nó an Garda Síochána déarfadh sí seo leis an tuismitheoir/caomhnóir mura cosúil go gcuirfeadh sé seo an páiste i gcontúirt nó go dtarraingeodh sé baol breise ar an bpáiste.

**Tinreamh:** Ag am cláraithe sa scoil cuirfear na tuismitheoirí agus na leanaí uile ar an eolas faoi na rialacha tinrimh a leagann an tAcht Oideachais (Leas) (2000) síos agus impleachtaí na rialacha sin. Déanfar monatóireacht ar thinreamh scoile. Maidir le cosaint leanaí, coimeádfaimid súil ar leith ar nósanna maidir le neamhláithreacht. Déanfaimid monatóireacht fresin ar neamhláithreacht a tharlaíonn ag an am céanna le comharthaí faillí, mí-úsáide fisiciúla nó mothúchánaí.

**Snámh:** Rachaidh leanaí chuig an linn snámha ar an mbus. Déanfaidh na múinteoirí féitheoireacht lasmuigh de na seomraí feistis chun sábháilteacht na leanaí a chinntiú. Cuirfear tuismitheoirí \ Caomhnóirí ar an eolas faoinár nósanna imeachta snámha.

### **(c) Impleachtaí don Churaclam**

I nGaelscoil Mhuscraí cuirtear béim ar atmasfear agus cultúr ina mbíonn meas ar gach éinne agus a dhéanfaidh iarracht tacú le forbairt iomlán na leanaí agus na ndaoine fásta oibríonn leo.

Deanaimid iarracht mí-úsáid a chosc tré scileanna cosanta pearsanta a mhúineadh mar atá sa churaclam Oideachas, Soisialta, Pearsanta agus Slainte (OSPS).

Úsáidfeadh an clar “Bí Sábháilte” mar acmhainn chun na scileanna seo a mhúineadh. Úsáidfeadh “ Bi Sábháilte” ó Naíonáin go rang 6 gach re bliain agus múinfeadh é i bloc de chúig seachtain chun iomláine an chlair a choimead. Don clár seo múinfeadh daltaí le riachtanaisí ar leith lena ranganna féin agus déanfaidh na múinteoirí iarracht na gníomachtaí a chur in oiriúnt do ghach pháiste. Más gá cuirfidh an múinteoir tacaíochta foghlama agus an múinteoir acmhainne leis an obair ranga

Beidh aon acmhainni breise a roghnófar ar aon dul le haidhmeanna an pholasaí seo. Beidh faillte roimh tuismitheoirí feachaint ar an gclár agus labhairt leis an múinteoir ma tá inní orthu. Má bhaintear páiste on rang is féidir leo dul go rang mhúinteora eile

Tá an DIA agus an les-DIA freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí nua, agus beidh sí freagrach as tacú le múinteoirí nua agus na cuspóirí OSPS á gcur i bhfeidhm acu.

### **Forbairt agus oiliúint foirne agus baill den Bhord Bainistíochta a chur ar fáil**

Chuireadh oiliúnt ar fail don Bhord Bainistíochta i Meitheamh 2009. Cuirfear oiliúnt ar Chaomhnú an Linbh ar fail d’foireann na scoile agus baill nua den Bhord Bainistíochta/Bainisteoir nuair is gá. Cuirfidh an Bord Bainistíochta airgead ar fáil chuige seo más gá.

## **D. Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an bpolasaí**

### **Critéir Rathúlachta**

Déanfaimid meastóireacht ar rathúlacht an pholasaí seo ag baint úsáide as na critéir seo a leanas:

- Cur i bhfeidhm agus rannpháirtíocht na foirne uile san oiliúint
- Aiseolas ón bhfoireann uile
- Cur i bhfeidhm an churaclaim OSPS
- Acmhainní chun tacú le cur i bhfeidhm OSPS go mór mhór an Clár “Bí Sábháilte”
- Measúnacht, déanta ag rannpháirtithe, ar na nósanna imeachta tar éis cáis ar Chaomhnú Páistí.

### **Fráma ama don Chur i bhfeidhm**

Cuireadh na nósanna imeachta seo i bhfeidhm tar éis don Bhoird Bhainistíochta iad a dhaingniú ar 23 Samhain 2009.

### **Daingniú agus Cumarsáid**

Daingníodh an beartas seo ar an 23 de Mhí na Samhna 2009. agus scaipeadh é i measc múinteoirí agus tuismitheoirí na ndaltaí

Cuirfidh an DIA na treoirlínte i gcuimhne do na múinteoirí ag an gcéad chruinniú foirne i Meán Fómhair gach bliain, agus cuirfear an polasaí seo ar fail d’aon bhall foirne nó tuismitheoir/caomhnóir nua.

Cuirfear iad seo ar fail freisin más gá:

- Children First, Caibidil 3&4 agus Aguisín 1
- Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí (Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2001

### **Athbhreithniú**

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaítar éis aon eachtra ina úsáidtear na treoirlínte.

Athbhreithniú: Samhain 2010, Samhain 2011 agus Meán Fómhair 2015.

Aguisin 1 Cuntas a choimead d'eachtra/ nochtadh eolais faoi mhí-úsáid

✚ Céard a tharla?

✚ Cá háit?

✚ Cathain?

✚ Cur síos agus léaráidí más féidir de ghortuithe fisiciúla

✚ Mínithe ar na gortuithe ag úsáid athrá díreach ón bpáiste

Sínú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_